

SIOC TÚS OIDHCHE AR DHÍOL FIONN A BHRÓGA AIR

Bhí sioc mór ann i dtús na hoidhche agus dhíol Fionn a bhróga le fear a tháinig dá n-iarraidh go gcaití an sioc. Dhíol Fionn na bróga leis go gcaithí an sioc. Shíl an fear go mairfeadh an sioc go ceann leath-bhlíana. Trathnóna lá ar na bhárach bhí an sioc caithte agus bhí na bróga agus a luach ag Fionn - ní mhaireann sioc tús oidhche i bhfad.

Bliain an tseaca mhóir os cionn cheithre sgóir bliain ó shoin. Ní raibh loch na sruthán gan a bheith reoidhte. An fheamainn dhubh a bhí bainte ní raibh aon mhaith innte. Bhí carranna i ndon ghul ar Loch Bhaile na Cille. Doimhnigheadh an sruthán uaithe ó shoin agus thréig na bric an loch.